RIALACHÁN (AE) 2021/1929 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Samhain 2021

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a mhéid a bhaineann le coinníollacha maidir le honnmhairí leasachán orgánach agus feabhsaitheoirí ithreach áirithe ina bhfuil ábhair Chatagóir 2

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 ([1]), agus go háirithe Airteagal 32(3)(a) agus Airteagal 43(3), an dara fhomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos rialacha maidir le sláinte an phobail agus sláinte ainmhithe i dtaca le táirgí díorthaithe, lena n-áirítear leasacháin orgánacha agus feabhsaitheoirí ithreach, a chur ar an margadh agus a onnmhairiú.

(2) Le Caibidil V d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 foráiltear maidir le rialacha i dtaca le honnmhairí aoiligh phróiseáilte, i measc rudaí eile. Féadfar aoileach próiseáilte a úsáid mar chomhpháirt chun úsáid leasachán orgánach agus feabhsaitheoirí ithreach ina dhiaidh sin a eisiamh, ar leasacháin agus feabhsaitheoirí iad ina bhfuil min feola agus cnámh (MBM) d'ábhair Chatagóir 2 chun críoch beathaithe. Ba cheart na rialacha maidir le honnmhairiú aoiligh phróiseáilte a leasú chun onnmhairiú aoiligh phróiseáilte atá ina chomhpháirt mheasctha in MBM d'ábhair Chatagóir 2 a cheadú.

(3) Ba cheart onnmhairiú leasachán orgánach agus feabhsaitheoirí ithreach áirithe ina bhfuil MBM d'ábhair Chatagóir 2 a údarú gan an t-iompar dá dtagraítear in Airteagal 48(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1069/2009, Airteagal lena ndearnadh úsáid na leasachán orgánach agus na bhfeabhsaitheoirí ithreach sin chun críoch beathaithe a eisiamh i ngeall ar a gcomhdhéanamh nó a bpacáistiú. Ba cheart leasacháin orgánacha agus feabhsaitheoirí ithreach a mheascadh le haoileach próiseáilte nó le comhpháirteanna forordaithe eile ionas nach n-úsáidfear iad ina dhiaidh sin chun críoch beathaithe. Na rialacha maidir le honnmhairiú leasachán orgánach agus feabhsaitheoirí ithreach ina bhfuil MBM d'ábhair Chatagóir 2, leagfar amach iad i gCaibidil V d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011.

(4) Le hIarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 foráiltear maidir le ceanglais lipéadaithe i dtaca le leasacháin orgánacha agus feabhsaitheoirí ithreach a chuirtear ar mhargadh an Aontais. Maidir le honnmhairiú a dhéantar chuig tríú tíortha, ba cheart an lipéadú a bheith i gceann amháin de theangacha oifigiúla an tríú tír is ceann scríbe.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a leasú dá réir.

(6) Is i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha atá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Caibidil V d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([1]) IO L 300, 14.11.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena gcuirtear chun feidhme Treoir 97/78/CE ón gComhairle maidir le samplaí agus ítimí atá díolmhaithe ó sheiceálacha tréidliachta ag an teorainn faoin Treoir sin (IO L 54, 26.2.2011, lch. 1).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Samhain 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

I Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, Iarscríbhinn XIV, Caibidil V, leasaítear an tábla mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró 1:

"1	Aoileach próiseáilte; Leasacháin orgánacha, muirín nó iarmhair díleá ó chlaochlú bithgháis nach bhfuil aon seachtháirgí ainmhithe ná táirgí díorthaithe eile iontu seachas aoileach próiseáilte; Próitéin ainmhíoch phróiseáilte ina bhfuil aoileach próiseáilte agus é ina chomhpháirt mheasctha, nó min feola agus cnámh d'ábhair Chatagóir 2 ina bhfuil aoileach próiseáilte agus é ina chomhpháirt mheasctha	Ní mór do na táirgí díorthaithe seo a leanas na coinníollacha atá leagtha amach i gCaibidil I, Roinn 2, pointí (a), (b), (d) agus (e), d'Iarscríbhinn XI a chomhlíonadh ar a laghad: — Aoileach próiseáilte; — Leasacháin orgánacha, muirín nó iarmhair díleá ó chlaochlú bithgháis nach bhfuil aon seachtháirgí ainmhithe ná táirgí díorthaithe eile iontu seachas aoileach próiseáilte; — Aoileach próiseáilte agus é ina chomhpháirt mheasctha i bpróitéin ainmhíoch phróiseáilte nó ina mhin feola agus cnámh d'ábhair Chatagóir 2."

(b) cuirtear an ró 4 seo a leanas leis:

"4	Leasacháin orgánacha agus feabhsaitheoirí ithreach ina bhfuil min feola agus cnámh d'ábhair Chatagóir 2	Leasacháin orgánacha agus feabhsaitheoirí ithreach ina bhfuil min feola agus cnámh d'ábhair Chatagóir 2 dá dtagraítear i gCaibidil II, Roinn 1, pointí 1, 2, 3 agus 5, d'Iarscríbhinn XI a chomhlíonann na ceanglais atá iontu, ar leasacháin agus feabhsaitheoirí iad atá pacáistithe i bpacáistí atá réidh lena ndíol nach bhfuil níos mó ná 50 kg de réir meáchain a bhfuiltear lena n-úsáid ag an tomhaltóir deiridh ina bhfuil cion (a) nach mó ná 90 % de réir toirte de mhin feola agus cnámh d'ábhair Chatagóir 2; (b) 10 % ar a laghad de réir toirte d'aoileach próiseáilte, d'fhual próiseáilte, d'aol, de leasacháin mhianracha, nó d'aon chomhpháirt mheasctha eile dá dtagraítear i gCaibidil II, Roinn 1, pointe 3(b), d'Iarscríbhinn XI."